

Tá an mháthair Eithne tuirseach ó bheith ag plé le cás Eoin agus tuirseach don easpa tacaíochta ó Bhreandán sa sliocht as an úrscéal Gafa (2016)

Chomh cinnte is atá cros ar asal (*as sure as there's a cross on a donkey*), géillim d'fhírinne an ráitis, "Tá an mháthair Eithne tuirseach ó bheith ag plé le cás Eoin agus tuirseach don easpa tacaíochta ó Bhreandán sa sliocht as an úrscéal Gafa". D'fhéadfá a rá gurb í Eithne ceann de na príomhcharachtair san úrscéal Gafa le Ré Ó Laighléis. Is sampla foirfe í Eithne de mháthair **ag streachailt i dteaghlach meánaicmeach** (*struggling in a middle-class household*). Is léir go bhfuil **a caidreamh ag fulaingt** (*her relationships are suffering*), go háirithe na caidrimh atá aici lena mac agus lena fear céile. Mar a léiríonn an teideal, címid go bhfuil a mac gafa le drugaí, rud atá an-choitianta sa tsochaí sa lá atá inniu ann. Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil **éifeachtaí tubaisteacha** (*tragic effects*) aige seo uirthi mar mháthair. Ach níos measa ná sin, is léir freisin nach bhfuil aon tacaíocht aici óna fear céile. Tá sí caillte agus í go hiomlán ina haonar sa chás uafásach seo. Níl aon éalú ar an bhfulaingt **leanúnach** (*continuous*) agus is í an **réaltacht** (*reality*) seo a **tharraingíonn aird mhór orainn mar léitheoirí** (*catches our attention as readers*) de réir mar a théann an scéal ar aghaidh. Le linn mo fhreagra, pléfidh mé cuimhneacháin áirithe a sheas amach dom **a leagann béim** (*put emphasis*) ar cé chomh tuirseach is atá sí ó bheith ag déileáil le cás Eoin agus an easpa tacaíochta atá aici ó Bhreandán.

Chomh luath agus a osclaímid an chéad leathanach den úrscéal, faighimid léargas (*insight*) ar chás Eithne. Tagann Eoin abhaile ón scoil go luath; bhí an múinteoir Fraincise as láthair agus dá bhrí sin bhí an rang deiridh saor acu. Tá sé chomh **dímheasúil** (*disrespectful*) go gcuireann sé "Froggy" ar a mhúinteoir. Ní maith le hEithne nuair a ghlaonn Eoin "Froggy" ar an Uasal Ó Riagáin; cuireann sé isteach go mór uirthi agus ceapann sí go bhfuil sé an-drochmhéasach. Ach cé go gceartaíonn Eithne Eoin, ní chuireann sé sin stad ar a **dhrochiompar** (*that doesn't end his bad behaviour*), leanann sé air ag cur in aghaidh a mháthar **amhail is nár chuala sé í** (*as if he hadn't heard her*). Dar liomsa, léiríonn sé seo cé chomh lag is atá Eithne sa chás, níl aon **smacht ná tionchar** (*discipline or impact*) aici ar a mac níos mó. Ar ndóigh, tá sí tinn tuirseach óna

iompar ach níl a fhios aici conas gur féidir léi an fhadhb a réiteach. Cloisimid an doras ag dúnadh sa chéad uair ansin nuair a fhágann Eoin an teach ag am dinnéir **gan mórán leithscéala a ghabháil dá mháthair** (*without excusing himself at all to his mother*). Dealraítear domsa (this portrays to me) go mbaineann an t-údar úsáid as an doras mar shiombail. Is **cleas scríobhneoireachta cliste** (*smart writing technique*) é mar seasann an doras don bhearna chumarsáide (communication gap) atá ann idir Eoin agus Eithne. Tá Eithne i gcónaí ag iarraidh an doras sin a oscailt ach tá Eoin de shíor ag dúnadh an dorais ina coinne. Ach **téann cúrsaí in olcas** (*things get worse*) arís nuair a thagann an múinteoir Fraincise aníos arís ag an mbord an oíche sin. Fiafraíonn Breandán dá mhac conas mar a bhí an scoil inniu. Tá Eoin ar tí “Froggy” a rá nuair a chuimhníonn sé ar féin agus tugann an t-ainm ceart don mhúinteoir Fraincise. Ach ansin, luann Breandán **leasainm** (*nickname*) an mhuinteora “Froggy”, rud a chuireann as d’Eithne ach a chuireann Eoin ag gáire. “Froggy a thugtar air, nach ea?”...pléascann Eoin amach ag gáire’. Tá a fhios ag madraí na sráide go bhfuil easpa tacaíochta ag Eithne ó Bhreandán. Cé go bhfuil said pósta, ní léirítear é seo ina gcaidreamh. Feictear domsa **nach bhfuil siad ar aon intinn le chéile** (*they are not on the same page*) maidir le tuismitheoireacht agus cruthaíonn sé seo **a lán teannais eatarthu** (*a lot of tension between them*).

Is oth liom a rá go n-**ardaíonn an teannas** (*the tension rises*) arís nuair a chinneann Eithne go bhfuil sé in am dul chun **comhairleoir** (*counsellor*) a fheiceáil faoin bhfadhb. Is léir domsa go bhfuil Eithne ag déanamh a dícheall ach níl aon tacaíocht aici óna mac ná óna fear céile. Míníonn an comhairleoir d’Eithne, do Bhreandán agus d’Eoin go gcaithfidh siad oibriú le chéile chun an **próiseas athshlánaithe** (*rehabilitation process*) a chur i gcrích. Ach tá mífhoighne ar Bhreandán agus míshástacht ar aghaidh Eoin. Is í Eithne amháin atá ag éisteacht i ndáiríre lena bhfuil le rá ag an gcomhairleoir agus cuireann sé seo isteach go mór uirthi. Is dócha gur **bunchloch na faidhbe** (*cornerstone of the problem*) ná nach nglacann Eoin nó Breandán leis an bpróiseas. Is cosúil go bhfuil Breandán ag tabhairt tacaíochta d’Eoin, **an t-andúileach** (*the addict*), seachas a bhean chéile ach i ngan fhios d’Eithne **tá ‘greim scornaí’ ag Eoin ar a athair féin** (*Eoin has his father on a string*). Níl a fhios ag Eithne **go bhfuil rún Breandáin á choinneáil ag Eoin** (*Eoin is keeping Breandán’s secret*) agus níl aon amhras ach go gcuireann sé seo lena frustrachas. D’fhéadfá a rá gur ‘ceannach ciúnais a bhí ann’. Trí sheans, tháinig Eoin ar a athair lena bhean luí **ag spallaíocht i gcúinne folaithe na bialanna** (*flirting with his mistress in a hidden corner of the restaurant*) i lár na cathrach. Thosaigh Breandán ag cur céad caoga punt in aghaidh na míosa i gcúntas

bainc Eoin **chun ciúnas Eoin a cheannach** (*to buy his silence*) agus ba leis an airgead seo a thosaigh Eoin ag na drugaí atá **ag milleadh a shaoil** (*ruining his life*) agus saol an teaghlach ar fad. Ar ndóigh, níl clú dá laghad ag Eithne faoin **gcomhaontú** (*agreement*) seo idir a fear céile agus a mac, agus mar gheall ar sin ní haon iontas é go bhfuil go leor teannais le brath sa teaghlach. Is léir go bhfuil Eithne ag éirí tuirseach ó bheith ag plé le hEoin, fiú tar éis an chéad seisiún comhairleoireachta mar tá a fhios aici nach bhfuil tacaíocht aici ó Bhreandán agus nach bhfuil Eoin ag glacadh leis. Mar sin, tá sí sásta nuair atá an seisiún thart mar caithfear a rá nach bhfuil aon fuinneamh fágtha aici. Leagann an t-údar níos mó béime ar uaigneas Eithne nuair a léiríonn sé an teachlach ar an mbealach abhaile sa charr ón seisiún comhairleoireachta. Tosaíonn Breandán **ag ioslaghdú an scéil iomlán** (*downplaying the whole story*). **De réir gach dealraimh** (*apparently*), dar leis, ní raibh Eoin ag tógáil na drugaí ach cúpla uair agus déanann sé iarracht cur ina luí orthu go raibh gach duine óg sna seachtóidí ag caitheamh marijuana. **Níl Eithne in ann fanacht ina tost a thuilleadh agus pléascann sí** (*Eithne can't stay silent anymore and she explodes*). 'Ora a dún, a Bhreandáin, arsa Eithne, de phléasc...A leithéid de sheafóid níor chuala mé riamh'. Chomh cinnte le breacadh an lae, is é an pléascadh seo a rabhamar go léir ag fanacht leis. Éiríonn sí crosta le Breandán agus Eoin mar tá a fhios aici go bhfuil Eoin **ag insint bréige** (*telling lies*) agus ní thuigeann sí cén fáth go bhfuil Breandán ag tabhairt tacaíochta dó. Baineann an t-údar sár-úsáid as **an scáthán** (*the mirror*) agus súile Bhreandáin agus Eoin á nascadh chun an teannas a léiriú. Feictear go rísholéir domsa cé chomh uaigneach is atá Eithne agus cé chomh imníoch agus tuirseach is atá sí ó bheith ag plé le cás Eoin.

Mar is eol don dáille amuigh, ní athraíonn aon rud thar oíche. D'fhéadfá a rá go bhfuil an rud céanna fíor i gcás Eoin gan dabht. Imíonn na seachtainí thart agus is cosúil nach n-athraíonn aon rud. Fós, níl aon fhíorchumarsáid ar siúl idir Eoin agus a mháthair. Nuair a fhiafraíonn Eithne dá mac cá bhfuil sé ag dul, faigheann sí **freagraí doiléire amhrasacha** (*unclear, suspicious answers*) uaidh le frásaí mar "tá 's agat féin" agus "mar sin de" frásaí a chuireann in iúl d'Eithne i gcónaí **go mbíonn run éigin á cheilt aige** (*he's hiding something*). Níl aon amhras nach bhfuil aon smacht aici fós ar a mac féin. Lá amháin, iarrann Eithne ar Eoin teacht chuici roimh imeacht chun na cathrach agus á rá leí cá raibh sé go díreach ag dul agus cé leis a mbeadh sé ag bualadh ann, gnáthcheist ó mháthair. Ach tosaíonn Eoin ag caint go drochbhéasach léi, "Á a Mham, cén sort friggin' cacamais é sin?". Le sin, ní féidir le Eithne a fearg a chur faoi chois níos mó agus spréachann sí. **Tugann sí boiseog sa leiceann dó** (*she slaps him on the cheek*) agus leis sin iompaíonn Eoin ar a shála agus baineann sé na boinn as an áit **ag plabadh an dorais ina**

dhiaidh (*slamming the door behind him*). I gcaibidil a ceathar, feicimid **stuamacht agus teacht aniar** (*level-headedness and resilience*) áirithe maidir le hEithne, ach ní sa chaibidil seo. Is cinnte go bhfuil an dóthain ag Eithne ag an bpointe seo agus go bhfuil sí dubh dóite ón easpa iarrachta a rinne Eoin tar éis a hiarrachtaí go léir. I ndiaidh na triode (after the fight) idir Eithne agus Eoin, feictear domsa go bhfuil Eithne go hiomlán ina haonar arís agus cuirtear i gcuimhne dúinn an easpa tacaíochta arís ó Bhreandán. Tugann Eithne faoi deara go bhfuil rud éigin athraithe ina gcuidreamh le dhá bhliain anuas. An oíche seo, nuair a theastaíonn go géar uaithe labhairt leis, insíonn sé di chomh luath agus a thagann sé abhaile go mbeidh sé ag glacadh “deoch na Nollag” lena **chomhoibrithe** (*colleagues*) agus deireann sé “Bhuel, ná fan i do shuí ag feitheamh orm, ar eagla na heagla”. Chomh cinnte is atá gob ar phréachán, ag an bpointe seo nach bhfuil aon chaidreamh idir Breandán agus Eithne a thuilleadh. Ag deireadh na caibidile seo, faightear íomhá **truamhéalach, uaigneach** (*pathetic, lonely*) d’Eithne bocht a bhí ag iarraidh a bheith **dearfach agus dóchasach** (*positive and hopeful*) ag tús na caibidile, feicimid í briste arís “Í ina haonar ar an uile bhealach”. Nuair a thagann Sinéad abhaile ón scoil, faigheann sí a máthair ag caoineadh. Cuireann Sinéad a lámha timpeall uirthi agus síleann Eithne na **deora** (*tears*) go géar goirt. Sílim go bhfágann an t-údar an íomha truamhéalach seo dúinn ag deireadh na caibidile ionas go dtuigimid cé chomh deacair is atá cás Eithne agus chun béim a chur ar a fulaingt.

Dá gceapfaimis nach bhféadfadh rudaí dul in olcas d’Eithne bheimis mícheart. An mhaidin dár gcionn, cuireann Eithne glao ar Joe Ryan agus faigheann sí amach nach raibh a fear céile ag céiliúradh na féile le ‘deoch Nollag’ leis aréir. Tá imní breise ar Eithne freisin mar tá buidéal lítir den mheiteadón faighte ag Eoin agus níl ach 200ml fágtha ann cé nach bhfuair Eoin an buidéal ach cúpla lá roimhe sin. Cuireann na heachtraí sin go léir le huaigneas Eithne mar is léir dom nach bhfuil tuairim aici a thuilleadh faoina bhfuil ar siúl ina teaghlach féin. Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil sí bréan bailithe ó bheith ag plé le cás Eoin agus tuirseach traochta don easpa tacaíochta ó Bhreandán. Ach tá sí gafa sa saol seo, agus ní fheicimid mar léitheoirí fiú, bealach ar bith gur féidir léi **éalú** (*escape*). Fágann an t-údar íomhá ghruama dúinn de mháthair nach féidir léi éalú óna fulaingt féin.